Áilneaċt Tíre agus Cuṁaiḋ Cine

Taisbéantas Ealáine an Oireaċtais

Ṫaitn an taispeántas ealaín de ċuid an Oireaċtais i nDánlann na Caṫraċ, i mbliana, liom, agus molaim do ḋuine a ḃfuil an t-am aige, cuairt, ní hé cuairt aṁáin, aċ cúpla cuairt a ṫabairt air i riṫ na seaċtaini seo a ḃfuil sé ar oscailt.

Aċ, san am céanna, ba é an saġas céanna taitnim tríd ċuṁaiḋ agus a ġeibim nuair a ṫugaim cuairt ar an Ġaeltaċt, ṫiar, ṫeas nó ṫuaiḋ, agus feicim áileaċt sléibte agus mara, aċ uaigneas na ndaoine.

Sílim go dtáinig níos mó den spreagaḋ fá ċoinne na bpictiúirí atá san taispeántas seo, ón Ġaeltaċt, ná ṫáinig ariaṁ go fóill. Aċ tá cineál éigin céannaċt ar na pictiúirí uilig a ḃaineas leis an Ġaeltaċt. Ní ḃeiḋ tú i ḃfad insan taispeántas go dtaḃarfaḋ tú fé deara gur áilneaċt an uaignis atá iontu go léir. Áileaċt tíre agus cuṁaiḋ cine.

Ar an ċeann ab' ḟearr a ṫaitn liom ar fad, ḃí "Iascaire" le Charles Lamb. Is iontaċ an pearsanaċt agus an beós atá in aġaiḋ an ḟir, agus tá ċuile rud eile insan ṗictiúir féin ag díriú ár n-aire ar an aġaiḋ sin.

Ar coiṁċéim leis seo, cuirfinn "Éire Sa Ċongo 1961" le Seán Proinsias Ó Ceallaiġ. Tá anam insan ṗictiúr seo. Tá rud éigin cruṫaiṫe ann. Moṫú ar fár. Rud a ṫarraingíonn duine ṫar n-ais arís agus arís eile ċuig an ṗictiúir seo.

Taoḃ amuiġ den dá ċeann seo ní ḟeicim rud ar biṫ ann a ċuirfeaḋ duine faoi mór-spreagaḋ nó mór ṁoṫú, insan taispeántas.

Is deas an léiriú atá san pictiúr beag le Caroline Ó Scalaiġ, ar "Faoi Ċnoc Ḃreannáin." Ċeapas gur léiriú an ṁaiṫ ar an éadóċas agus an cruaḋtan a ḃí déanta ag Sean Ceating in "Seo Leat Iad."

Is rí ḋeas mar pictiúr é "Calaḋ na hÁirde Móire" ag Carna, agus go h-áiṫrid na néalta bána ar ċúl. Tá áileaċt ann, aċ ṫar an áileaċt, ṁoṫaiġ mé féin an tréigsint, mar ṁoṫúníos láidre ná rud ar biṫ eile, ag aṁarc ar an ċéiḃ seo.

Ḃí an rud céanna le taḃairt fé ndear in pictiúr uiṁir 32, "I nGar do Ċros Ṁáma," cé gur ṁeasas go raiḃ na daṫanna beagán ró ṡaoṫarḋa. Tá pictiúirí beaga deasa ag Bea Orpen, as Corcaí. Ceann ar Oileán an Ċaisleáin, in aice le Scoil Ṁuire agus an ceann ar "Cuainín Eorna." In Iarṫar Ċorcaí, an cuasán álainn a ḃfuil iomlán na díospóireaċt faoi ag Bord Fáilte, ⁊ daoine eile.

Tá an dá ċeann le Charles Lamb, "Sruṫán i gConamara" ⁊ "Leaṫ Ḃadóir" teann agus beo agus taitneaṁaċ, agus an ceann ar "Cocáil Féir" fíor daonúil. Is éifeaċtaċ mar léiriú stairúil an ceann le Pádraic Ó Maṫúna "L' Atague" — Cill Ala 1798."

Pictiúr fíor ḋeas an ceann le Pádraic Ó hÉanaiġ ar "Poitín ag Tismeáin", An Ċeaṫrú Rua.

Agus an ceann in aice Ċasla, Ċonamara — le Feargal Mac nAṁlaiġ.

Dá ċeann deasa faoi Oileán Árainn — "Tráṫnóna an Tráiġ Ṫiar" le Eric Patten ⁊ "Taoḃ Cnuic in Árainn" le Eileen Costello. Agus ceann deas de na curraċaí bun os cionn, isea "Tóin le Gréin Inis Ṫiar" le Séamas Ó Nualláin. Fear a ḃfuil ceann eile aige faoi Árainn —"An tOileán Órḋa Álainn."

Tá an daṫú de Teaċ an Ṗiarsaiġ, Rosmuc, le Annraoí Ó hÉalaiġ, go deas freisin.

Ṫáinig go leor leor daoine ag féaċaint ar "1916" le B. S. Mac Liam, aċ ċeapas féin go raiḃ sé beagán ró neiṫúil, agus níor ṁoṫaíos aon spreagaḋ ann.

Léiriú de síor aicíd na hÉireann — an imirce a ṫuigfeá as "Dún Laoġaire" le Christopher Curran. Tá dá ċeann ana speisiúil leis an Aṫair Seán hAiḃlín, "Oíċe Ḋuḃ" agus "Muire ar Rí Ċaṫaoir Dearg." In snoíodóireaċt, ṫaitn "Neart In Ár Láiṁ" le Nuala Ní Ċaṫmaoil go mór liom.

Ḃí slua mór i láṫair ag an oscailt, agus tá freastal maiṫ ar an taispeántas ó h-osclaíoḋ é.

"Déírdre"

Tá eagrán an Ḟómair, den iris seo, an ṫaitneaṁaċ ar fad. Tá na daṫanna ar an ċlúdaċ tarrantaċ, agus tá an t-aḃar taoḃ istiġ idir dréaċta agus pictiúirí go taitneaṁaċ ar fad.

Tá dreaċt eolasaċ taisteál ag Fionntan Mac Uí Ḃuí, ar Éire Nua sa Doṁan ṫeas. Cuireann Seán Ṡeáin Uí Ċearnaiġ síos go h-eolasaċ ar scéal na nGearmánaċ ar an mBlascaoid i 1940.

Tá léirṁeas ag Risteárd Ó Glaisne ar Tomás Ó Coḃṫaiġ, drámadóir. Dréaċt daonúil ar "Mí na Meala in Albain" ag Eiblín Ní Ṁúrċú agus ceann greannṁar ar "£45 ar Ṗunt Gruaige" ag Poilín Ní Ṁiaċáin.

Gearrscéal speisiúil — "An Galar Grá" — ag Deasún Mac Guidir. Cuireann Gearóid Ó Cuinneagáin síos go cumasaċ faoin tiodal "Ḃarraíoċt Daoine' a ċlaon tuairimí naċ ḃfuil bia go leor le fáil ar an doṁan don pobal atá Dia a ċur ann.

Sin agus mórán eile, maisiṫe le pictiúirí agus nótaí faisiúin, is breá an conraḋ é ar 1s.

Ára Mór

Ag cruinniú de Ċoṁairle Condae Ḋún na nGall, ṁol Cormac Ó Breisleáin, T.D., go ndéanfaí soláṫar fá ċoinne banaltra do Árainn Ṁóir. Dúirt an Bainisteoir Condae go raiḃ sé ag teangḃáil leis an Lady Dudley Nursing Association agus gur ṫuig sé go raiḃ an Association sásta banaltra a ċeapaḋ don Oileán, gan mórán moille.

"An t-Ultaċ"

Deireaḋ Fóṁair, 1965.

Dá ḋán nua le Máirtín Ó Direáin, is príoṁ gné den 'Ultaċ,' an ṁí seo, agus tá pictiúr de Ṁáirtín, a ġnóṫaiġ duais £300 Coṁairle Ealaín ar an ċlúdaċ.

Ní aontaíoḋ gaċ duine mar sin féin leis an Eagarḟocal — **Turasóirí nó Gaeilgeoirí.** Ba ṁaiṫ do ḟear a scríofa cuiṁneaṁ ar an seanḟocal "Ní ḋearna breáṫaċt broċán" agus níl maiṫ ar biṫ balla cosanta de ċineál ar biṫ a ċur ṫart fán Ġaeltaċt muna ḃfuil gléas beaṫa, agus gléas beaṫa ċoṁ h-árd agus atá le fáil ag ár muintir in Albain, le fáil sa ḃaile ag pobal na Gaeltaċta.

Ní miste do luċt na Gaeilge é seo a rá leo féin arís agus arís agus arís eile, maidin agus tráṫnóna. Más maiṫ leo cineál ar biṫ coṁḃáid nó ceangal a ċoinneáil le pobal na Gaeltaċta.

Gearrscéal taitneaṁaċ ag Lil Nic Ḋonnċaḋa — An Snáṁ. Seán Ó Baoill ag cur síos ar cúrsaí ceoil agus daṁsa. Gearrscéal eile le Risteard Ó Glaisne agus na gnáċ nótaí go léir. Caiġdeán árd iontu go léir, agus ní ḟéidir le Gaeilgeoir An tUltaċ a ċailleaḋ, más maiṫ leis coinneáil isteaċ le gnáċ tuairimí agus smaointe an lae inniu.

In "Ṫall agus Abus" meastar gurb é teaċt isteaċ óna Coláistí Gaeilge a raiḃ 4,875 ag freastal orṫa i nDún na nGall, ná £69,712. Measaimíd go ḃfuil sé níos airde ná seo — cuid ṁaiṫ níos airde, an méid airgid a ṫéas isteaċ go dtí an Ġaeltaċt de ḃárr na gColáistí seo. Measaimíd go ḃfuil meánċaiteaċas na scoláirí níos mó ná £3-10-0 an duine. Ní ċuntasann an scríḃneoir aċ oiread, go ḃfanann tromlaċ de tuarastal múinteoirí agus daoine eile, ar feaḋ an ċúrsa, insan Ġaeltaċt, ar ṡlí aṁáin nó ar ṡlí eile. Idir cuairteoirí agus eile, ḃeaḋ sé níos coṁgaraí de £100,000 tairḃe don Ġaeltaċt.

Polasaí Dearfa Tuaiṫe

Polásaí dearfaċ forbarṫa tuaiṫe, sin é an rud a teastaiġ óna feilméaraí i gCaisleán an Ḃarraiġ, agus ó Ċumann na ḃFeilméaraí. Táimid anseo inniu toisc go ḃfuil muid duḃdóite de na leaṫ ḟreagraí ar faḋbanna an Iarṫair.

Ḃí coimisiún agus coiste, indiaiḋ Coimisiún agus coiste agus ní féidir a ḋéanaṁ amaċ cé'n áit ar ċríoċnaiġ ceann aṁáin agus ar ṫosnaiġ ceann eile, aċ, tá rud aṁáin soiléir ar fad. In aimneoin a gcuid maċnaṁ maiṫ, tá an tIarṫar caite, raiṫte ar fad, de easba an rud atá ag teastáil uaṫa — **gníoṁ cinnte.**

Sin é adúirt Uaċtarán Ċumann na ḃFeilméaraí i gCaisleán an Ḃarraiġ. Agus naċ maiṫ ab' ḟíor an rud céanna do ċeist na Gaeltaċta.

Deontaisí Oideaċais

Ag freagairt ceiste sa Dáil ó T. Ó hÓgáin, T.D., dúirt an tAire Oideaċas, Seoirse Ó Colla, T.D., gurb iad na dreamanna faoi ċoimirce a roinne-san a ḃí inann deontais díreaċ a ḋéanaṁ de ṫairḃe scoláireaċtaí agus rl. nó na Coláistí Iolscoileanna, na Coistí Gairmoideaċais, Instidiúid Árd-Léinn Ḃaile Áṫa Cliaṫ, Acadaṁ Ríoga na hÉireann agus Acadaṁ Ríoga an Ċeoil. Dúirt sé freisin go raiḃ Bord na Leaḃar Gaeilge ċun deontaisí díreaċ de ṫairḃe obair foilsíṫe, agus Coimisiún Láiṁ-scríḃiní Éireann, deontaisí a ṫaḃairt do eagarṫóirí, clódóirí agus eile de ṫairḃe obair a ḃí déanta acu.

Idir Ḋá Linn

RISTEARD O GLAISNE

"An don A.P. nó rud éigin atá tusa ag obair?" arsa an ban-iriseoir óg Sualanach liom.

Ag preas-agallamh Mhichíl Mac Liammóir i Stockholm a bhí muid. Agus ó nach raibh mé in innimh ceist a chuir sí orm i Sualainnis a fhreagairt, ba léir nár Shualannach mé.

Ach — Associated Press? Anois cad a déarfainn leis sin? Mise agus mo gheansaí Conallach fáiscithe i mo thimpeall agus mo thrabhsar stractha orm. An ndéarfainn léi go mbeadh píosaí á scríobh agam d'AMARACH, d'INNIU agus don IRISH TIMES ar an ócáid? Níor luaigh mé na páipéir. Dúirt mé gurbh iriseoir neamhspleách mé. B'fhéidir go scríobhfainn do pháipéir ag baile, b'fhéidir nach scríobhfainn, ach is é rud a thug Carro Bergvist, fear poiblíochta an Stadsteater, cuireadh dom teacht timpeall.

Bhí an ócáid speisiúil.

Labhair Brendan Smith ar tús ("Cérbh é an fear sin a bhí ag caint?" arsan an cailín Sualannach seo liom ní ba dhéanaí). D'iarr sé ceisteanna. Fuair sé ceann. "Cad as do na téacsanna in "I Must Be Talking To My Friends'?" Freagra fada nár luaigh cá bhfuaireadh iad ach a dúirt gur thug Mac Liammóir léargas nua ar intinn Yeats, intinn a bhí chomh diamhrach sin ag a lán, ina chlár, "Talking About Yeats." Níl fhios agam arsa mise, i m'aigne féin, an fíor sin? Thaitin an oíche úd in Amharclann na Mainistreach liom féin go mór, ach ní fheadar an bhfuair muid léargas nua aisti ar intinn Yeats.

Roimh Edwards agus Mac Liammóir, ar dhrámaí Eireannacha ar fad a bhíothas beo in Eirinn, dúirt Smith. Thug sé súil ormsa. Ní raibh Mac Liammóir fós tagtha. Mise an t-aon Eireannach a bhí ann. Ar ndóigh, ar seisean go sciobtha, bhí cuid de na drámaí úd nach raibh go dona ar chor ar bith; cuimhnítear ar na fichidí mar Ré Orga in Amharclann na Main-istreach.

Cá raibh Mac Liammóir? Ar chuid de dhrámaíocht an aisteora chlúitigh é seo?

Bhí an preas-agallamh le bheith ann ar a 2 a chlog i dtosach. Ach faoina dó a chlog ní raibh an Dr. Mac Liammóir tagtha ar an eitleán ó Bhruxelles go fóill. Cuireadh an preas - agallamh siar go dtí 5.30.

"Ní foláir nó gurb é seo an turas is faide dar rinneadh riamh i stair na heitleoireachta," arsa Sualannach amháin go pleisiúrtha ach go cineál ciniciúil le Brendan Smith. "Cathain a fhág sé Eirinn?"

"Inné ar a dó."

Anois bhí sé deich nóiméad chun a sé.

Nuair nárbh fhéidir le Smith smaoineamh ar aon ní eile le rá le lucht na nuachtán d'imigh sé amach as an tseomra. Thosaigh muid ag caint lena chéile. Agus ansin, go tobann bhí an Dr. Mac Liammóir inár measc.

"It's very sweet of you to come along like this . . . " arsa an t-aisteoir de ghlór tholl.

A thiarcais! Chaithfeadh siad teacht fiú mura meallfadh na deochanna iad. Is é ba obair dá laetha. Ach an ceart a choíche. An chaoi a ndúirt Mac Liammóir é, ní bheadh a fhios agat nach magadh an-éadrom faoi féin, faoi chúrsaí poiblíochta nó faoi chanúint airtifisialta seomraí cuideachta a bhí aige á dhéanamh.

A, seo iad mo chairde!" ar seisean go cineál aerach, ag dearcadh thart ar thriúr grianghrafadóir sollúnta a bhí ag fanacht air.

As sin amach chuaigh gach rud ar agaidh go buacach. Cuireadh an t-aoí ina shuí agus tugadh rud dó le léamh mar dh'ea. Theastaigh ó dhuine de na grianghrafadóirí go bhféachfadh sé suas i dtreo an chamara.

"Breathnú isteach san tsúil air? — choíche ná go deo!" arsa an fear mór.

Nuair a thosaigh sé ag caint leis na hiriseoirí, bhí sé ar a shuaimhneas. Ba náir leis a rá nach raibh a lán drámaí de chuid Strindberg (a raibh sé tar éis tagairt dó roimhe sin mar "bhur ndrámadóir mór — bhur ndrámadóir an-mhór, más ceadmhach dom é a rá") léirithe acu i mBaile Atha Cliath — dhá mhion-phíosa, b'shin uile. Ansin chuimhnigh sé gur léirigh siad "An tAthair" ar ndóigh. "Rinne mé dearmad air sin! ní raibh páirt ar bith agam féin ann—sin é an fáth!" ar seisean. "Níor rinne mise ach an dearadh dó."

Ní bhíonn aon am saor aige dúirt sé, idir an aisteoireacht, an feistiú agus an scríbhneoireacht a dhéanann sé. "Ní raibh saoire agam le ceithre bliana déag, cés moite de dhá mhí san ospidéal agus mí i Venezia ina dhiaidh sin."

Uair amháin agus é ag obair i London tugadh deireadh seachtaine fada saor dó —ón Aoine go dtí an Mháirt. D'imigh sé abhaile.

San bhaile roimhe bhí dhá litir, ceann ón "Irish Times", ceann eile ón "Observer." Bheadh Seán O'Casey 80 bliain d'aois an tseachtain dár gcionn; ar mhiste leis alt thrí mhíle focal a scríobh air? An t-iarratas céanna ón dá pháipéar. Shuigh sé síos agus thrraing sé peann chuige . . . B'shin deireadh leis an am saor a bhí le bheith aige. "Ar ndóigh, ní bhíonn ar an ghnáth-aisteoir scríobh . . . Níl an gnáth-aisteoir in ann scríobh . . . "

Ag labhairt dó ar Wilde. thagair sé don am ar léigh sé féin scríbhínní dá chuid den chéad uair. Ní raibh ann ach leanbh. I London a bhí cónaí air. Bhí sé taréis teacht ar shí-scéalta Wilde. Lá amháin bhí sé ag léamh scéil acu. Go tobann fuair sé gur dheacair leis an leathanach a bhí os a chomhair a léamh a thuilleadh . . . Fuair sé go raibh sé ag gol . . .

"Abairigí é seo liom," arsa an Dr. Mac Liammóir nuair a bhí an preas-agallamh thart. "An dtuigeann sibhse Sualannaigh an Danmhairgis agus an Norbhuaidhis go héasca nuair a labhartar iad?

Mhínigh siad dó go raibh sé réasúnta éasca acu an Norbhuaidhis a thuiscint ach gur dheacaire leo go mór an Danmhairgis a thabhairt leo agus í á labhairt.

'Tá oiread difríochta eatarthu-san agus atá idir Gaeilge agus Béarla," arsa fear amháin, a bhí ar Arainn bliain-ta éigin ó shin, go spórtúil.

"Há," ghháir an tEireannach go bródúil, "níl focal san nGaeilge atá cosúil le focal Béarla, cés moite de dhornán beag focal Gréigise ar nós 'teileafón'."